C/2023/1083

15.12.2023

P9_TA(2023)0129

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú: iarratas EGF/2022/003 ES/Alu Ibérica – an Spáinn

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Bealtaine 2023 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón Spáinn – EGF/2022/003 ES/Alu Ibérica) (COM(2023)0129 – C9-0053/2023 – 2023/0068(BUD))

(C/2023/1083)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0129 – C9-0053/2023),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ([1]) ('Rialachán CED'),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([2]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([3]), ('IIA an 16 Nollaig 2020') agus go háirithe pointe 9 de,

— ag féachaint don nós imeachta tráthaobhach dá bhforáiltear i bpointe 9 de IIA an 16 Nollaig 2020,

— ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0154/2023),

A. de bhrí go bhfuil ionstraimí reachtacha agus buiséadacha curtha ar bun ag an Aontas chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'oibrithe atá thíos leis na mórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda nó atá thíos leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch, agus chun cabhair a thabhairt maidir lena n-ath-imeascadh sa mhargadh saothair; de bhrí go gcuirtear an cúnamh seo ar fáil trí thacaíocht airgeadais a thugtar d'oibrithe agus do na cuideachtaí inar oibrigh siad;

B. de bhrí gur thíolaic an Spáinn iarratas EGF/2022/003 ES/Alu Ibérica ar ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED), tar éis 303 iomarcaíocht ([4]) san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 24 (Monarú miotal bunúsach), laistigh de thréimhse thagartha don iarratas ón 10 Bealtaine 2022 go dtí an 10 Meán Fómhair 2022;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 303 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht sa chuideachta Alu Ibérica LC S.L. (Alu Ibérica) i réigiún na Gailíse sa Spáinn tar éis fhéimheacht na cuideachta;

D. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2)(a) de Rialachán CED, lena gceanglaítear go gcuirfí 200 oibrí ar a laghad ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht;

([1]) IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([4]) De réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán CED.

E. de bhrí go bhfuil iomaíochas eacnamaíoch laghdaithe ar fud an Aontais, lena n-áirítear sa Spáinn, ag paindéim COVID-19 agus ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí go bhfuil corrlaigh na bhfiontar sa Spáinn agus a n-iomaíochas laghdaithe thairis sin ag an ardú reatha ar bhoilsciú, go háirithe praghsanna níos airde amhábhar agus fuinnimh;

F. de bhrí go n-eascraíonn na hiomarcaíochtaí ó dhíscaoileadh Alu Ibérica agus ó oscailt an nós imeachta leachtaithe a dhearbhaigh Cúirt Tráchtála uimhir 2 de A Coruña an 22 Feabhra 2022, tar éis fhéimheacht dheonach na cuideachta ó mhí na Nollag 2021; de bhrí gur rannchuidigh praghsanna níos airde fuinnimh agus amhábhar agus brú anuas ar phraghsanna alúmanaim ar fud an domhain mar thoradh ar ró-acmhainn táirgeachta sa tSín le féimheacht Alu Ibérica;

G. de bhrí gur thug Rialtas Réigiúnach na Gailíse, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691, ról do na comhpháirtithe sóisialta chun iarratas CED a ullmhú agus gur tharraing sé suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhar leo; de bhrí go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach freisin i gcur chun feidhme na seirbhísí;

H. de bhrí gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe a bhfuil sé mar aidhm leo tairbhithe a athimeascadh go tapa i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di, agus iad á n-ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;

I. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093;

1. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2)(a) de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Spáinn i dteideal EUR 1 275 000 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 85 % den chostas iomlán de EUR 1 500 000, a chuimsíonn EUR 1 429 400 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 70 600 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

2. ag tabhairt dá haire gur thíolaic údaráis na Spáinne an t-iarratas an 30 Samhain 2022, agus, tar éis don Spáinn faisnéis bhreise a chur ar fáil, gur chuir an Coimisiún bailchríoch ar a mheasúnú an 16 Márta 2023 agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an lá céanna;

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 303 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht sa chuideachta Alu Ibérica;

4. á thabhairt chun suntais go raibh Alu Ibérica i measc an 0,1 % de ghnólachtaí sa Ghailís a raibh níos mó ná 250 fostaí acu; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar suntasach ag an iomarcaíocht ar mhargadh saothair áitiúil agus ar an gheilleagar áitiúil A Coruña, cathair a bhfuil ráta ard dífhostaíochta i bhfad níos mó aici ná meán an Aontais (9,5 % in R3/2022); ag cur sonrú i meastachán údaráis na Spáinne go spreagfaidh leachtú Alu Ibéria cailliúint 312 phost i bhfiontair choimhdeacha, lena méadófaí líon iomlán na gcaillteanas post go 615, arb ionann é agus 8,2 % de na poist mhonaraíochta in A Coruña; á chur i bhfios go ndearnadh slógadh mór ar an gcinneadh a rinneadh i gcathair A Coruña; ag cur béim ar an gcaillteanas post agus slite beatha sa Ghailís;

5. á mheas go mbeidh tacaíocht bhreise de dhíth ar na hoibrithe iomarcacha chun fostaíocht nua a aimsiú sa mhargadh saothair, agus é á chur san áireamh go mbaineann 35 % díobh leis an aoisghrúpa 45+ agus go bhféadfadh dúshláin bhreise maidir le hathfhostaíocht a bheith acu; ag tabhairt dá haire gurb ionann an t-aoisghrúpa sin agus 60 % de na cuardaitheoirí poist cláraithe in A Coruña, agus go bhfuil Alu Ibérica díolmhaithe ón oibleagáid dhlíthiúil tacaíocht ath-shocrúcháin a sholáthar i bhfianaise a fhéimheachta;

6. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Spáinn ar sheirbhísí pearsantaithe a chur ar fáil do na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu an 2 Márta 2023 agus go mbeidh, dá bhrí sin, tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 2 Márta 2023 go dtí 24 mhí tar éis don chinneadh maoiniúcháin a theacht i bhfeidhm;

7. á mheabhrú gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ná na gníomhaíochtaí seo a leanas: seirbhísí faisnéise, dianchúnamh cuardaigh poist, lena n-áirítear peirspictíochtaí poist a shainaithint i réigiúin nó i mBallstáit eile, treoir ghairme agus cúnamh do shocrúchán seachtrach, oiliúint (*inter alia*: inniúlachtaí cothrománacha, athsciliú, uas-sciliú agus intéirneachtaí), athoiliúint, gairmoiliúint, agus tacaíocht chun gnó a chruthú agus rannchuidiú leis sin, chomh maith le dreasachtaí agus liúntais; lena n-áirítear íocaíochtaí le haghaidh rannpháirtíocht i mbearta ath-imeasctha a comhaontaíodh, ranníocaíochtaí le speansais do chomaitéireacht agus do chúram cleithiúnaithe;

8. á mheabhrú go ndéanfaidh Rialtas Réigiúnach na Gailíse cur chun feidhme na seirbhísí a chomhordú agus á iarraidh go mbeidh trédhearcacht chuí ann i bhfeidhmiú deiridh na ngníomhaíochtaí i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta a ghlacann páirt san Idirphlé Sóisialta sa Ghailís; ag tabhairt dá haire go mbeidh tionchar ag an gclaochlú digiteach agus glas ar mhargadh an tsaothair freisin; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh tús áite do na scileanna a bhí ag teastáil sa digitiú, sa róbatú agus san aistriú chuig geilleagar glas agus an tairiscint oiliúna á dearadh.

9. á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, gur cheart ról tábhachtach a bheith ag an Aontas maidir leis na cáilíochtaí is gá a chur ar fáil don athrú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; ag tacú go láidir leis an bhfíoras go leanfaidh CED, le linn CAI 2021-2027, de dhlúthpháirtíocht a léiriú leis na daoine uile a ndéantar difear dóibh, gan idirdhealú, agus go gcoinneoidh sé an fócas ar thionchar an athstruchtúraithe ar oibrithe; agus á iarraidh go mbeadh feidhmchláir ann amach anseo chun comhleanúnachas beartais a uasmhéadú;

10. ag tabhairt dá haire go mbeidh tionchar ag an gclaochlú digiteach agus glas ar mhargadh an tsaothair freisin; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh tús áite do na scileanna a bhí ag teastáil sa digitiú, sa róbatú agus san aistriú chuig geilleagar glas agus an tairiscint oiliúna á dearadh.

11. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Spáinn ar chaiteachas riaracháin a thabhú chun CED a chur chun feidhme an 1 Márta 2023, agus go mbeidh an caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe dá bhrí sin le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Márta 2023 go ceann 31 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh Maoiniúcháin;

12. á chur in iúl gur geal léi gur dhréachtaigh an Spáinn an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta;

13. á chur i bhfáth gur dhearbhaigh údaráis na Spáinne nach bhfaigheann na gníomhaíochtaí incháilithe cúnamh ó chistí nó ionstraimí airgeadais eile an Aontais, agus go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe maidir le rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir lena gcur chun feidhme;

14. á athdhearbhú nach ceadmhach cúnamh ó CED a chur in ionad gníomhaíochtaí atá mar fhreagracht ar chuideachtaí, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna, nó aon liúntais nó cearta de chuid na n-oibrithe iomarcacha, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú;

15. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

16. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh dá fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

17. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún;

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón Spáinn – EGF/2022/003 ES/Alu Ibérica

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2023/1022.)